



**VACSAÍN
COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí

VACSAÍNÍ in aghaidh COVID-19

**Eolas faoi vacsaín
Pfizer, Moderna, Janssen
nó Novavax**

Leagan 2
Lúnasa 2022



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Maidir leis an leabhrán seo

Tá eolas ginearálta sa leabhrán seo maidir le do vacsaín in aghaidh COVID-19. Tá leabhráin eolais ar leith ar fáil ar

www.hse.ie maidir le vacsaín Pfizer do leanáí idir

5 agus 11 bhliain d'aois agus do leanáí idir 12 agus 15 bliana d'aois.

Is féidir leat é a léamh ar líne roimh an vacsaín a fháil, agus tabharfar an leabhrán seo duit freisin nuair a thabharfar an vacsaín duit.

Tá eolas ann ar na rudaí seo a leanas:

- Vacsaíní, teanndáileoga agus dáileoga breise
- Faomhadh agus sábháilteacht vacsaíní, agus monatóireacht orthu
- Toircheas agus beathú cíche
- Vacsaíní a mholtar de réir aoise
- Céard ba cheart duit a bheith ag súil leis tar éis an vacsaín a fháil
- Gach ceann de na 4 vacsaín – fo-iarmhairtí agus cathain nár cheart vacsaín ar leith a fháil

Vacsaín Pfizer in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Comirnaty chomh maith

- » Fo-iarmhairtí féideartha vacsaín Pfizer
- » Cathain nár cheart duit vacsaín Pfizer a fháil

Vacsaín Moderna in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Spikevax chomh maith

- » Fo-iarmhairtí féideartha vacsaín Moderna
- » Cathain nár cheart duit vacsaín Moderna a fháil

Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Jcovden® chomh maith

- » Fo-iarmhairtí féideartha vacsaín Janssen
- » Cathain nár cheart duit vacsaín Janssen a fháil

Vacsaín Novavax in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Nuvaxovid chomh maith

- » Fo-iarmhairtí féideartha vacsaín Novavax
- » Cathain nár cheart duit vacsaín Novavax a fháil
- An fad a thógann sé ar vacsaíní tosú ag obair

- Fo-iarmhairtí a thuairisciú
- Na háiteanna ar féidir teacht ar a thuilleadh eolais
- Do chuid faisnéise pearsanta

Is féidir leis an vacsaíneoir freagra a thabhairt ar aon cheist a bheidh agat tar éis duit an leabhrán seo a léamh.

Coinnigh an leabhrán seo, mar b'fhéidir gur mhaith leat féachaint air arís.

Féach www.hse.ie/covid19vaccinematerials más maith leat an leabhrán seo a léamh i bhformáid eile amhail friotal sothuigthe, Braille, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, nó más maith leat teacht ar aistriúchán i dteanga eile

Maidir le do vacsaín in aghaidh COVID-19

Is é vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil an chaoi is fearr chun tú féin a chosaint ar COVID-19. Ó cuireadh tús leis an vacsaíniú, is lú daoine a bhíonn go dona tinn agus is lú an líon básanna mar thoradh ar an víreas in Éirinn.

Ba cheart go laghdódh an vacsaín an baol go dtolgfá COVID-19. Ba cheart go gcosnódh sí thú in aghaidh deacrachtaí tromchúiseacha, leis. Tá vacsaín á tabhairt ag FSS do dhaoine in Éirinn chun iad a chosaint agus chun leanúint le laghdú a dhéanamh ar an líon daoine a bhíonn go dona tinn agus ar an líon básanna.

Tá eolas sa leabhrán seo ar na 4 vacsaín is coitianta a thugtar do dhaoine 16 bliana d'aois agus os a chionn faoi chlár vacsaínithe na hÉireann in aghaidh COVID-19:

Pfizer, **Moderna**, **Janssen** agus **Novavax**.

Níl vacsaín AstraZeneca in aghaidh COVID-19, ar a dtugtar Vaxzevria freisin, in úsáid in Éirinn a thuilleadh. Tá eolas faoi le fáil ar www.hse.ie

Tá bileoga eolais ar leith ann do ghrúpaí áirithe a bhfuil sé in am dóibh teandáileog a fháil, amhail daoine atá os cionn 65 bliain d'aois, daoine atá idir 50 agus 64 bliain d'aois, daoine atá idir 16 agus 49 bliain d'aois a bhfuil riocht sláinte orthu, mná atá ag iompar clainne, daoine atá 16 bliana d'aois agus os a chionn a bhfuil córas lag imdhíonachta acu agus oibríthe cúraim sláinte.

Vacsaíní, teandáileoga agus dáileoga breise

Nuair a thagraímid do vacsaín(i) sa leabhrán seo, is é seo atá i gceist againn:

- an chéad dáileog nó an dara dáileog
- dáileog bhreise a chuirtear ar fáil do dhaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu agus/nó
- teanndáileog

Faomhadh agus sábháilteacht vacsaíní, agus monatóireacht orthu

Ní úsáideann FSS ach vacsaíní a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha ó thaobh sábháilteachta agus éifeachtúlachta de tar éis don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) iad a cheadúnú.

Shásaigh na vacsaíní in aghaidh COVID-19 na trialacha cliniúla agus na seiceálacha sábháilteachta céanna agus nach mór do gach vacsaín cheadúnaithe eile a shásamh, ach tá na vacsaíní nua go leor mar sin féin agus níl fáil ach ar mhéid teoranta faisnéise maidir leis na fo-iarmhairtí fadtéarmacha. Ní fios go fóill, cuir i gcás, cén riosca a bhaineann leis an teanndáileog ó thaobh fo-iarmhairtí neamhchoitianta de.

Is fútsa atá sé an vacsaín a fháil nó gan í a fháil. Molann FSS, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Roinn Sláinte go láidir duit do vacsaín a fháil nuair a thairgfear duit í.

Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) monatóireacht ar vacsaíní in aghaidh COVID-19 ó thaobh sábháilteachta agus éifeachtachta de. Tá tuilleadh eolais ar an Údarás Rialála Táirgí Sláinte ar leathanach 17.

Is Éirinn, cuireann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) comhairle ar an Roinn Sláinte maidir leis an mbeartas i ndáil le vacsaíní, agus is é FSS a chuireann beartas na Roinne i bhfeidhm.

Toircheas agus beathú cíche

Ba cheart duit an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil má tá tú:

- ag iompar clainne
- ag iarraidh leanbh a ghiniúint nó má tá seans ann go mbeidh tú ag iompar clainne
- i mbun beathú cíche

An chuid is mó de na mná torracha a thollann an víreas, ní thagann ach siomptóim éadroma go measartha orthu fiú mura bhfuair siad vacsaín in aghaidh COVID-19. Tugann siad an leanbh ar an saol mar a bhí beartaithe agus ní bhíonn ach riosca íseal ann go dtabharfaidís COVID-19 dá leanbh.

Bíodh sin mar atá, má tá tú ag iompar clainne, is mó seans go n-éireoidh tú go dona tinn agus go mbeidh ort dul faoi dhianchúram. D'fhéadfadh cúrsaí dul in aimhréidh ar do leanbh de dheasca an víris chomh maith.

Níl aon fhianaise ann go gcuireann vacsaíní in aghaidh COVID-19 isteach ar an torthúlacht i bhfir ná i mná. Ní gá duit fanacht chun leanbh a ghiniúint tar éis duit an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil.

Tá sé sábháilte an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis na vacsaíní eile a thairgtear duit agus tú ag iompar clainne.

Is dócha go dtairgfear vacsaín **Pfizer** nó **Moderna** duit má tá tú ag iompar clainne. Is vacsaíní mRNA iad – vacsaíní a insíonn do do chorp cén chaoi antasubstaintí a dhéanamh chun troid in aghaidh an víris. Mar sin féin, má chuir do dhochtúir comhairle ort nach féidir leat vacsaín mRNA a fháil nó más rud é nach mian leat vacsaín mRNA a fháil, is féidir cuimhneamh ar **Novavax** a úsáid tar éis na rioscaí agus na tairbhí atá ann duit a phlé le gairmí cúraim sláinte (amhail dochtúir, cnáimhseach, nó vacsaíneoir). Níl an méid céanna eolais againn ar úsáid na vacsaíne seo i mná torracha. Tá eolas breise le fáil ar **www.hse.ie**

Ní thairgfear vacsaín **Moderna** in aghaidh COVID-19 duit in Éirinn ach amháin má tú 30 bliain d'aois nó os a chionn.

Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte iontaoifa má bhíonn aon cheist agat.

Vacsaíní a mholtar de réir aoise

Tugann gach vacsaín in aghaidh COVID-19 cosaint mhaith duit ar bhreiteacht thromchúiseach mar thoradh ar COVID-19 tar éis duit:

- an chéad chúrsa vacsaíní a fháil agus
- aon dáileog bhreise agus/nó teandáileog a mholtar duit a fháil.

Cuireann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) in iúl gur féidir leat aon cheann de na vacsaíní mRNA in aghaidh COVID-19 (**Pfizer** nó **Moderna**) a fháil mar theandáileog, fiú má fuair tú vacsaín eile roimhe sin.

Comhairle de réir aoisghrúpa:

Má tá tú:

- idir 5 bliana agus 29 bliain d'aois, tairgfear vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 duit.
- 30 bliain d'aois nó os a chionn, tairgfear vacsaín **Pfizer** nó **Moderna** in aghaidh COVID-19 duit.
- faoi bhun 50 bliain d'aois, ní mholtar **Janssen** a fháil.

Mura féidir leat vacsaín mRNA a fháil, seans go dtairgfí vacsaín **Novavax** duit, nó vacsaín **Janssen** i gcásanna áirithe. Tá úsáid **Novavax** ceadaithe do dhaoine atá 12 bhliain d'aois agus os a chionn. Tá úsáid **Janssen** ceadaithe do dhaoine atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn.

Tá comhairle ar leith maidir le vacsaíní do leanaí le fáil ar **www.hse.ie**

Tábhachtach:

D'fhéadfadh sé tarlú nárbh ionann an chomhairle ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) in amanna. Sa chás sin, cloímidne in Éirinn le treoir NIAC.

Céard ba cheart duit a bheith ag súil leis tar éis an vacsaín a fháil

Amhail gach cógas, is féidir le vacsaíní a bheith ina gcúis le **fo-iarmhairtí**. Tá an chuid is mó díobh sin éadrom nó measartha, gearrthéarmach, agus ní fhagheann gach duine iad.

Ní fheictear fo-iarmhairtí tromchúiseacha, amhail frithghníomhú trom ailléirgeach, ach go fíor-annamh. Tá oiliúint curtha ar an vacsaíneoir le cóir leighis a chur ar othair atá buailte ag frithghníomhuithe troma ailléirgeacha den sórt sin.

Bíonn fo-iarmhairtí éagsúla i gceist le gach vacsaín, agus ba cheart duit an leabhrán seo agus Bileog Faisnéise an Mhonaróra d'Othair maidir le do vacsaín a léamh. Tá bileog faisnéise an mhonaróra le fáil ar **www.hse.ie** nó is féidir linn cóip a chur i gcló duit ar lá do vacsaínithe.

Sa chéad chuid eile, tugaimid léiriú ar na fo-iarmhairtí atá ar eolas maidir leis na 4 vacsaín in aghaidh COVID-19 a bhfuil cur síos orthu sa leabhrán seo, agus insímid duit cé chomh coitianta is atá siad. Cuirimid in iúl freisin na

daoine nár cheart dóibh vacsaín ar leith a fháil. Tá eolas breise le fáil ar **www.hse.ie**

Bíonn eolas breise ag teacht chun cinn i gcónaí. Déantar an t-eolas ar **www.hse.ie** a nuashonrú go rialta faoi mar a fhoilsítear staidéir nua.

Na 4 vacsaín – a bhfo-iarmhairtí agus cathain nár cheart vacsaín ar leith a fháil

Ar na leathanaigh seo a leanas, tugaimid eolas duit ar na fo-iarmhairtí féideartha agus cathain nár cheart vacsaín ar leith a fháil. Déanaimid na fo-iarmhairtí a aicmiú ó an-choitianta go fíor-annamh.

- An-choitianta (níos mó ná duine amháin as gach deichniúr)
- Coitianta (suas le duine amháin as gach deichniúr)
- Neamhchoitianta (suas le duine amháin as gach 100 duine)
- Annamh (suas le duine amháin as gach 1,000 duine)
- An-annamh (suas le duine amháin as gach 10,000 duine)
- Fíor-annamh. Ní fios go fóill cá mhéad daoine a mbeidh na fo-iarmhairtí seo acu tar éis an vacsaín a fháil, ach ceaptar iad a bheith fíor-annamh.

Cé go mbíonn fo-iarmhairtí áirithe mar an gcéanna i gcás na vacsaíní éagsúla, ba cheart duit aird a thabhairt ar na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín atá á tabhairt duit. Tá ainm agus dath na vacsaíne le fáil ar an taifead vacsaínithe a thabharfaidh an vacsaíneoir duit agus ar na leathanaigh sa leabhrán seo. Ba cheart duit a bheith ag faire amach le haghaidh fo-iarmhairtí sna huaireanta agus sna laethanta tar éis an vacsaín a fháil.

Vacsáin Pfizer in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar

Comirnaty chomh maith

Tugtar liosta thíos de na fo-iarmhairtí agus cé chomh minic a tharlaíonn siad, agus tugtar eolas freisin ar cathain nár cheart an vacsaín áirithe sin a fháil. Iarr comhairle ar ghairmí cúraim sláinte iontaofa má bhíonn aon amhras ort.

Fo-iarmhairtí féideartha:	
An-choitianta Níos mó ná duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">• tuirse• frithhireacht nó at san áit ar tugadh an t-instealladh vacsaíne duit• tinneas cinn• pian sna matáin• pian sna hailt• buinneach• fiabhras (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn) nó crithfhuacht
Coitianta Suas le duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">• samhnas• urlacan• deirge san áit ar tugadh an vacsaín
Neamhchoitianta Suas le duine amháin as gach 100 duine	<ul style="list-style-type: none">• tochas san áit ar tugadh an vacsaín• tochas ginearálaithe• gríos craicinn• at na bhfaireog limfe. Is coitianta é sin tar éis teanndáileoige.• deacracht dul a chodladh• allas iomarcach• allas oíche• goile laghdaithe• easpa fuinnimh, marbhántacht nó mothú tinn• pian sa ghéag láimhe ar ar tugadh an vacsaín duit
Annamh Suas le duine amháin as gach 1,000 duine	<ul style="list-style-type: none">• cromadh sealadach ar thaobh amháin den aghaidh• frithghníomhuithe ailléirgeacha, amhail aodh thochais nó at san aghaidh

<p>An-annamh Suas le duine amháin as gach 10,000 duine</p>	<ul style="list-style-type: none"> • an miócairdíteas agus an peireacairdíteas. Is éard atá i gceist leo sin ná athlasadh an chroí nó athlasadh líneáil sheachtrach an chroí. Féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh na siomptóm.
<p>Fíor-annamh Ní fios go fóill cé chomh minic a fheictear iad</p>	<ul style="list-style-type: none"> • frithghníomhú trom ailléirgeach • Eiritéime Ilfhoirmeach – is frithghníomhú craicinn a bhíonn ina chúis le spotaí nó baill dhearga ar an gcráiceann. Bíonn cuma shúil na sprice ar na baill seo in amanna, iad dúdhearg sa lár agus fáinní dearga níos éadroime timpeall orthu • at aghaidhe má tá líontóirí aghaidhe agat • at fairsing sa ghéag láimhe (nó coise) inar tugadh an vacsaín • griofadach nó drithlíní, nó cailliúint mothaithe i gcuid den chorp

Siomptóim an mhiócairdítis agus an peireacairdítis

Is riochtaí athlastacha croí iad an miócairdíteas agus an peireacairdíteas. Cé go bhfuil riosca na riochtaí seo an-íseal, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh. Bíonn an miócairdíteas agus an peireacairdíteas níos coitianta i measc fir atá faoi bhun 30 bliain d'aois tar éis dóibh an dara dáileog den phríomhvacsáin a fháil. Is cosúil nach bhfuil riosca na bhfo-iarmhairtí seo chomh mór sin tar éis na chéad teandáileoige.

Faigh cabhair leighis má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis an vacsaín seo a fháil:

- giorra anála
- éirí croí (buille láidir croí a d'fhéadfadh a bheith neamhrialta)
- pian sa chliabhrach

Níor cheart duit vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 (Comirnaty) a fháil:

- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne (gliocól poileitiléine nó PEG ina measc). Tá liosta na gcomhábhar le fáil i mBileog Eolais an Mhonaróra d'Othair.
- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat tar éis dáileog eile de vacsaín **Pfizer** nó de Vacsaín **Moderna** (Spikevax) in aghaidh COVID-19.
- Má tháinig miócairdíteas (athlasadh an chroí) ort tar éis dáileog eile de vacsaín **Pfizer** nó de vacsaín **Moderna** (Spikevax) in aghaidh COVID-19.

- Má d'inis Dochtúir duit gan vacsaín **Moderna** (Spikevax) in aghaidh COVID-19 ná vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 a fháil ar chúiseanna leighis.

Labhair le do Dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín seo in aghaidh COVID-19:

- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach (anaifíolacsas) agat roimhe seo, lena n-áirítear frithghníomhú trom ailléirgeach i leith vacsaín nó cógas eile
- má tháinig peireacairdíteas (athlasadh líneáil an chroí) ort tar éis dáileog eile de vacsaín **Pfizer** nó de vacsaín **Moderna** (SpikeVax) in aghaidh COVID-19.

Má fuair tú an vacsaín in aghaidh an víris bolgaí moncaí le déanaí (Imvanex nó Jynneos), ní mór duit fanacht 4 seachtaine sula bhfaighidh tú an vacsaín in aghaidh COVID-19 toisc nach eol an mbeadh baol miócairdítis ann.

Vacsaín Moderna in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Spikevax chomh maith

Tugtar liosta thíos de na fo-iarmhairtí agus cé chomh minic a tharlaíonn siad, agus tugtar eolas freisin ar cathain nár cheart an vacsaín áirithe sin a fháil. Iarr comhairle ar ghairmí cúraim sláinte iontaoifa má bhíonn aon amhras ort.

Fo-iarmhairtí féideartha:	
An-choitianta Níos mó ná duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">● tuirse● frithireacht nó at áit ar tugadh an t-instealladh vacsaíne duit – bíonn deirge ann freisin uaireanta, idir 9 agus 11 lá tar éis an vacsaín a fháil i gcásanna áirithe● tinneas cinn● faireoga limfe ata (faoi bhun na géige láimhe ar ar tugadh an t-instealladh duit go hiondúil)● pian sna matáin● pian sna hailt● samhnas nó urlacan● fiabhras (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn) nó crithfhuacht
Coitianta Suas le duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">● buinneach● gríos● gríos craicinn nó aodh thochais san áit ar tugadh an t-instealladh vacsaíne duit (idir 9 agus 11 lá tar éis an vacsaín a fháil i gcásanna áirithe)
Neamhchoitianta Suas le duine amháin as gach 100 duine	<ul style="list-style-type: none">● tochas san áit ar tugadh an vacsaín● meadhrán● pian sa bholg
Annamh Suas le duine amháin as gach 1,000 duine	<ul style="list-style-type: none">● Pairilis Bell – cromadh sealadach ar thaobh amháin den aghaidh● at aghaidhe má tá líontóirí aghaidhe agat● griofadach nó drithlíní, nó cailliúint mothaithe i gcuid den chorp
An-annamh Suas le duine amháin as gach 10,000 duine	<ul style="list-style-type: none">● an miócairdíteas agus an peireacairdíteas. Is éard atá i gceist leo sin ná athlasadh an chroí nó athlasadh líneáil sheachtrach an chroí. Féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh na siomptóm.

Fíor-annamh

Ní fios go fóill cé chomh minic a fheictear iad

- frithghníomhú trom ailléirgeach nó frithghníomhuithe hipiríogaireachta
- at fairsing sa ghéag láimhe (nó coise) inar tugadh an vacsaín
- Eiritéime Ilfhoirmeach a theacht ort – is frithghníomhú craicinn a bhíonn ina chúis le spotaí nó baill dhearga ar an gcaiceann. Bíonn cuma shúil na sprice ar na baill seo in amanna, iad dúdhearg sa lár agus fáinní dearga níos éadroime timpeall orthu
- ráigeanna den siondróm sceite ribeadán. Féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh na siomptóm.

Siomptóim an mhiócairdítis agus an pheireacairdítis

Is riochtaí athlastacha croí iad an miócairdíteas agus an peireacairdíteas. Cé go bhfuil riosca na riochtaí seo an-íseal, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh. Bíonn an miócairdíteas agus an peireacairdíteas níos coitianta i measc fir atá faoi bhun 30 bliain d'aois tar éis dóibh an dara dáileog den phríomhvacsáin a fháil. Is cosúil nach bhfuil riosca na bhfo-iarmhairtí seo chomh mór sin tar éis na chéad teanndáileoige.

Faigh cabhair leighis má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis an vacsaín seo a fháil:

- giorra anála
- éirí croí (buille láidir croí a d'fhéadfadh a bheith neamhrialta)
- pian sa chliabhrach

Siomptóim an tsiondróim sceite ribeadán

Bíonn an siondróm sceite ribeadán ina chúis le sceitheadh sreabháin ó fhuileadáin bheaga. D'fhéadfadh riosca a bheith ann go dtiocfadh ráigeanna orthu siúd a raibh an siondróm sceite ribeadán orthu roimhe seo. Cé go bhfuil riosca an reachta seo an-íseal go deo, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh.

Faigh cabhair leighis ar bhonn práinne má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis vacsaín Moderna a fháil:

- at tapa na ngéag (lámha agus cosa)
- meáchan a chur suas go tobann

D'fhéadfá mothú lag chomh maith de dheasca brú íseal fola.

Is gnách gur thuairiscigh daoine siondróm sceite ribeadán sa chéad chúpla lá tar éis an vacsaín seo a fháil. Bí ag faire amach do na siomptóim seo sna laethanta tar éis do vacsaínithe.

Níor cheart duit vacsaín **Moderna in aghaidh COVID-19 (**Spikevax**) a fháil:**

- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne (gliocól poileitiléine nó PEG ina measc). Tá liosta na gcomhábhar le fáil i mBileog Eolais an Mhonaróra d'Othair.
- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat tar éis dáileog eile de vacsaín **Moderna** nó de vacsaín **Pfizer** (Comirnaty).
- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat i leith Trometamol (ceann de na hábhair atá i ruaim chodarsnach a úsáidtear i staidéir raideolaíocha ÍAM).
- Má tháinig miócairdíteas (athlasadh an chroí) ort tar éis dáileog eile de vacsaín **Moderna** nó de vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 (Comirnaty)
- Má tá tú faoi bhun 30 bliain d'aois.
- Má d'inis Dochtúir duit gan vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 (Comirnaty) ná vacsaín **Moderna** in aghaidh COVID-19 (**Spikevax**) a fháil ar chúiseanna leighis.

Daoine faoi bhun 30 bliain d'aois a fuair dáileog de Vacsaín **Moderna** in aghaidh COVID-19 (**Spikevax**) roimhe seo, ba chóir go dtabharfaí Vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 (Comirnaty) dóibh mar an dara dáileog nó mar dháileog bhreise.

Labhair le do Dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín seo in aghaidh COVID-19:

- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach (anaifiolacsas) agat roimhe seo, lena n-áirítear frithghníomhú trom ailléirgeach i leith vacsaín nó cógas eile
- má tháinig peireacardíteas (athlasadh líneáil an chroí) ort tar éis dáileog eile den vacsaín seo nó de vacsaín **Pfizer** in aghaidh COVID-19 (Comirnaty).
- má bhí an siondróm sceite ribeadán ort roimhe seo

Má fuair tú an vacsaín in aghaidh an víris bolgaí moncaí le déanaí (Imvanex nó Jynneos), ní mór duit fanacht 4 seachtaine sula bhfaighidh tú an vacsaín in aghaidh COVID-19 toisc nach eol an mbeadh baol miócairdítis ann.

Vacsáin Janssen in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Jcovden® chomh maith

Tugtar liosta thíos de na fo-iarmhairtí agus cé chomh minic a tharlaíonn siad, agus tugtar eolas freisin ar cathain nár cheart an vacsaín áirithe sin a fháil. Iarr comhairle ar ghairmí cúraim sláinte iontaofa má bhíonn aon amhras ort.

Fo-iarmhairtí féideartha:	
An-choitianta Níos mó ná duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">• tuirse• pian san áit ar tugadh an t-instealladh vacsaíne duit• tinneas cinn• pian sna matáin• samhnas
Coitianta Suas le duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">• deirge nó at san áit ar tugadh an t-instealladh duit• pian sna hailt• casacht• fiabhras (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn) nó crithfhuacht
Neamhchoitianta Suas le duine amháin as gach 100 duine	<ul style="list-style-type: none">• pian sa droim• easpa fuinnimh• mothú tinn• laige matáin• pian sna géaga• pian sa scornach• gríos craicinn• sraothartach• allas iomarcach• creathán• buinneach• mothú neamhghnách sa chraiceann, amhail griofadach nó cáithníní (paraestéise)• meadhrán
Annamh Suas le duine amháin as gach 1,000 duine	<ul style="list-style-type: none">• aodh thochais agus hipiríogaireacht• mothú laghdaithe i gcuid den chorp (hipeastáise)• at na bhfaireog limfe• urlacan• ceolán leanúnach sna cluasa (tinniteas)• téachtáin fola sna domhainfhéitheacha (amhail trombóis dhomhainfhéitheach agus eambólachtaí scamhóige).

<p>An-annamh Suas le duine amháin as gach 10,000 duine</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● téachtáin fola neamhghnácha agus líon íseal pláitíní san fhuil – féach thíos le haghaidh na siomptóm ● Is riocht é Siondróm Guillain-Barré a chuireann isteach ar néaróga sa chorp – féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh na siomptóm
<p>Fíor-annamh Ní fios go fóill cé chomh minic a fheictear iad</p>	<ul style="list-style-type: none"> ● frithghníomhú trom ailléirgeach ● Líon an-íseal pláitíní san fhuil (trombaicitipéine imdhíonach) ● riocht is cúis le sceitheadh sreabháin ó fhuileadáin bheaga (siondróm sceite ribeadán) – féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh na siomptóm ● athlasadh an chorda dromlaigh (miailíteas thrasnach) ● soithíochaíteas craicneach sna fuileadáin bheaga (athlasadh fuileadán sa chraiceann)

Siomptóim na dtéachtán fola an-annamh agus neamhghnách

Cé go bhfuil riosca na dtéachtán fola agus an lín ísil pláitíní san fhuil an-íseal go deo, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh. Faigh cabhair leighis ar bhonn práinne má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis an vacsaín seo a fháil:

- giorra anála
- pian sa chliabhrach nó sa bholg
- at nó fuacht i gcos
- tinneas cinn atá trom nó ag dul in olcas, radharc doiléir, mearbhall nó taomanna
- fuiliú gan stad faoin gcráiceann nuair nach raibh aon ghortú ann roimhe sin
- roinnt baill ghorma bheaga, spotaí dearga nó corcra, nó spuaiceanna fola faoi bhun an chraicinn

Thuairiscigh daoine na téachtáin fola an-annamh agus an líon íseal pláitíní san fhuil laistigh de 14 lá tar éis an vacsaín seo a fháil. Bí ag faire amach do na siomptóim seo sna seachtainí tar éis do vacsaínithe.

Siomptóim an tsiondróim sceite ribeadán

Bíonn an siondróm sceite ribeadán ina chúis le sceitheadh sreabháin ó fhuileadáin bheaga. Cé go bhfuil riosca an reachta seo an-íseal go deo, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh.

Faigh cabhair leighis ar bhonn práinne má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis vacsaín Janssen a fháil:

- at tapa na ngéag (lámha agus cosa)
- meáchan a chur suas go tobann

D'fhéadfá mothú lag chomh maith de dheasca brú íseal fola.

Is gnách gur thuairiscigh daoine siondróm sceite ribeadán laistigh de 4 lá tar éis na vacsaíne seo a fháil. Bí ag faire amach do na siomptóim seo sna laethanta tar éis do vacsaínithe.

Siomptóim Shiondróm Guillain-Barré

Is riocht é Siondróm Guillain-Barré a chuireann isteach ar néaróga sa chorp. Bíonn sé ina chúis le hathlasadh néaróg agus d'fhéadfadh pian, fuairnimh, laige matáin agus deacracht siúl a bheith ann mar thoradh air.

Faigh cóir leighis ar bhonn práinne:

- má bhíonn amharc dúbailte ort nó má bhíonn sé deacair ort do shúile a bhogadh
- má bhíonn sé deacair ort slogadh, labhairt nó cogaint
- má bhíonn fadhbanna comhordaithe ort, má bhíonn tú míshocair ar do chosa nó má bhíonn sé deacair ort siúl
- má mhothaíonn tú laige agus pairilis i do lámha, do chosa, do chliabhrach nó d'aghaidh
- má mhothaíonn tú griofadach i do lámha nó do chosa
- má bhíonn fadhbanna agat le rialú do lamhnáin nó le feidhmiú do phutóige

Níor cheart duit vacsaín **Janssen in aghaidh COVID-19 (Jcovden®) a fháil:**

- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne (polasorbáit 80 ina measc). Tá liosta na gcomhábhar le fáil i mBileog Eolais an Mhonaróra d'Othair.
- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat tar éis dáileog eile den vacsaín seo nó de Vacsaín AstraZeneca (Vaxzevria) in aghaidh COVID-19.
- Má bhí téachtáin fola agus líon íseal pláitíní ort tar éis dáileog eile de Vacsaín AstraZeneca in aghaidh COVID-19 (Vaxzevria).
- Má bhí siondróm sceite ribeadán ort roimhe seo (féach an leathanach roimhe seo).
- Má d'inis Dochtúir duit gan Vacsaín AstraZeneca in aghaidh COVID-19 (Vaxzevria) a fháil ar chúiseanna leighis.

Labhair le do Dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín seo in aghaidh COVID-19:

- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach (anaifiolacsas) agat roimhe seo, lena n-áirítear frithghníomhú trom ailléirgeach i leith vacsaín nó cógas eile
 - má bhí trombaicítipéine (líon íseal neamhghnách pláitíní) ort roimhe seo
- Caithfear monatóireacht a dhéanamh ar do leibhéal pláitíní tar éis an vacsaín seo a fháil más rud é go raibh an trombaicítipéine imdhíonachta ort tráth.

Má fuair tú an vacsaín in aghaidh an víris bolgaí moncaí le déanaí (Imvanex nó Jynneos), ní mór duit fanacht 4 seachtaine sula bhfaighidh tú an vacsaín in aghaidh COVID-19 toisc nach eol an mbeadh baol míocairdítis ann.

Vacsaín Novavax in aghaidh COVID-19 – ar a dtugtar Nuvaxovid chomh maith

Tugtar liosta thíos de na fo-iarmhairtí agus cé chomh minic a tharlaíonn siad, agus tugtar eolas freisin ar cathain nár cheart an vacsaín áirithe sin a fháil. Iarr comhairle ar ghairmí cúraim sláinte iontaofa má bhíonn aon amhras ort.

Fo-iarmhairtí féideartha:	
An-choitianta Níos mó ná duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">● tuirse● mothú tinn go ginearálta● tinneas cinn● samhnas nó urlacan● pian sna matáin● pian sna hailt● frithireacht nó pian sa ghéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne duit
Coitianta Suas le duine amháin as gach deichniúr	<ul style="list-style-type: none">● fiabhras (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn)● crithfhuacht● pian ag barr na mball coirp● baill dhearga nó at san áit ar tugadh an vacsaín
Neamhchoitianta Suas le duine amháin as gach 100 duine	<ul style="list-style-type: none">● at na bhfaireog limfe● brú ard fola a mhaireann cúpla lá tar éis na vacsaíne● gríos craicinn● deirge craicinn● tochas ginearálaithe● tochas áit ar tugadh an vacsaín● aodh thochais
Fíor-annamh Ní fios go fóill cé chomh minic a fheictear iad	<ul style="list-style-type: none">● anaifolacsas – frithghníomhú trom ailléirgeach● griofadach nó drithlíní, nó cailliúint mothaithe i gcuid den chorp

NÍOR CHEART DUIT vacsaín **Novavax in aghaidh COVID-19 (Nuvoxoid) a fháil:**

- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne (polasorbáit 80 ina measc). Tá liosta na gcomhábhar le fáil i mBileog Eolais an Mhonaróra d'Othair. Tabhair faoi deara go bhfuil polasorbáit 80 le fáil i vacsaíní Janssen agus AstraZeneca (Vaxzevria) in aghaidh COVID-19 chomh maith.
- Má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat tar éis na chéad dáileoige den vacsaín.

Labhair le do Dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín seo in aghaidh COVID-19:

- má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach (anaifiolacsas) agat tráth, lena n-áirítear frithghníomhú trom ailléirgeach i leith vacsaín nó cógas eile.

Má fuair tú an vacsaín in aghaidh an víris bolgaí moncaí le déanaí (Imvanex nó Jynneos), ní mór duit fanacht 4 seachtaine sula bhfaighidh tú an vacsaín in aghaidh COVID-19 toisc nach eol an mbeadh baol miócairdítis ann.

Céard ba cheart a dhéanamh má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort?

Má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thógáil le hiad a mhaolú. Mar sin féin, faigh comhairle leighis má mhaireann d'fhiabhras níos mó ná 48 uair an chloig nó má bhíonn imní fós ort.

An fad a thógann sé ar vacsaíní tosú ag obair

Tógann sé roinnt ama, suas le 14 lá tar éis an vacsaín a fháil, ar do chóras imdhíonachta freagairt don vacsaín agus tú a chosaint ar COVID-19.

Tá fianaise láidir iontaofa ann go bhfuil na vacsaíní in aghaidh COVID-19 an-éifeachtach maidir le bás agus galar tromchúiseach mar thoradh ar COVID-19 a chosc, agus go laghdaíonn siad go mór an riosca go dtolgfá an víreas seo.

Ba cheart duit cloí freisin leis an gcomhairle sláinte poiblí is déanaí atá ar fáil ar **www.hse.ie** maidir le tú féin agus daoine eile a chosaint

Cén chaoi ar féidir fo-iarmhairtí a thuairisciú?

Táimid ag foghlaim faoi na vacsaíní in aghaidh COVID-19. Má thagann fo-iarmhairt ort tar éis vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil, iarraidimid ort í a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte.

Is é an t-údarás rialála in Éireann é maidir le cógais, gairis leighis agus táirgí sláinte eile. Le fo-iarmhairtí a bhaineann le vacsaín in aghaidh COVID-19 a thuairisciú, téigh chuig **www.hpra.ie/report** Is féidir leat iarraidh ar do Dhochtúir nó ar bhall teaghlaigh fo-iarmhairt a thuairisciú thar do cheann freisin.

Do chuid faisnéise pearsanta

Leis an vacsaín a thabhairt do dhaoine ar bhealach slán sábháilte agus leis an bhfaisnéis uile a thaifeadadh is gá le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an vacsaín, beidh FSS ag próiseáil do chuid faisnéise pearsanta. Déanfaidh FSS an fhaisnéis go léir a phróiseáil de réir na ndlíthe ginearálta agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí go háirithe, a tháinig i bhfeidhm in 2018.

Beidh próiseáil do chuid sonraí idir dhleathach agus chothrom. Ní dhéanfar iad a phróiseáil ach amháin chun críche vacsaíniú a bhainistiú. Tá Prionsabail an Íoslachdaithe Sonraí i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin nach dtaifeadfar ach na sonraí a bheidh ag teastáil le tú a aithint, do choinne a chur in áirithe, do vacsaíniú a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí.

Mar dhuine is ábhar do shonraí, tá na cearta seo a leanas agat faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i leith na sonraí pearsanta agat a dhéantar a phróiseáil.

- Faisnéis maidir le do shonraí pearsanta agus rochtain orthu a iarraidh (ar a dtugtar 'iarratas duine ar a s(h)onraí' de ghnáth). Cuirtear ar do chumas leis sin cóip de na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn maidir leat a fháil agus a chinntiú go bhfuil siad á bpróiseáil de réir an dlí againn.
- A iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta atá againn maidir leat a cheartú. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh go ndéanfaí aon fhaisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn atá againn maidir leat a cheartú.
- Léirsciosadh do chuid sonraí pearsanta a iarraidh. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh orainn sonraí pearsanta a scriosadh nó a bhaint i gcás nach mbeidh aon chúis mhaith againn le leanúint lena bpróiseáil. Tá sé de cheart agat chomh maith iarraidh orainn do chuid faisnéise pearsanta a scriosadh nó a bhaint i gcás gur fheidhmigh tú do cheart le cur i gcoinne a próiseála.
- Cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.hse.ie/eng/gdpr

Tuilleadh eolais

Tá eolas mionsonraithe ónár saineolaithe ar COVID-19 le fáil ar **www.hse.ie** maidir leis na rudaí seo a leanas:

- Na vacsaíní atá ar fáil agus na daoine ar féidir leo vacsaín a fháil
- Cén chaoi an vacsaín a fháil?
- Do vacsaín a fháil tar éis an galar a tholgardh
- Dáileoga vacsaíne a mholtar duit
- Cinneadh a dhéanamh maidir le vacsaín a fháil do leanbh
- Siomptóim agus tástáil
- Comhairle le tú féin agus daoine eile a chosaint

Léigh Bileog Eolais an Mhonaróra d'Othair le tuilleadh eolais a fháil ar an vacsaín atá á tabhairt duit. Cuirfear í sin i gcló duit ar lá do vacsaínithe, nó is féidir leat teacht uirthi ar **www.hse.ie/covid19vaccinePIL**

Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte freisin má bhíonn ceisteanna agat faoin vacsaín – do vacsaíneoir, do Dhochtúir Teaghlaigh, do Chógaiseoir nó duine de d'fhoireann cúraim sláinte, cuir i gcás.

Is féidir glao ar HSELive freisin ar **1800 700 700** (uimhir shaorghlao). Bímid ann chun cabhrú leat ó 8 r.n. go 8 i.n. ó Luan go hAoine agus ó 9 r.n. go 5 i.n. ar an Satharn agus ar an Domhnach.

the fact that the number of observations is small, the use of the asymptotic normality of the maximum likelihood estimator is not recommended.

As an alternative to the asymptotic normality of the maximum likelihood estimator, we use the asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator. This is done by using the Fisher information matrix. The Fisher information matrix is the negative of the expected value of the second derivative of the log-likelihood function with respect to the parameters.

The Fisher information matrix is a symmetric matrix and is positive definite. The inverse of the Fisher information matrix is the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator.

The asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator is given by

$$\sqrt{n}(\hat{\theta} - \theta) \xrightarrow{d} N(0, I^{-1}(\theta))$$

where $\hat{\theta}$ is the maximum likelihood estimator of θ , $I^{-1}(\theta)$ is the inverse of the Fisher information matrix, and $N(0, I^{-1}(\theta))$ is the normal distribution with mean 0 and variance-covariance matrix $I^{-1}(\theta)$.

The asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator is given by

$$\sqrt{n}(\hat{V} - V) \xrightarrow{d} N(0, 2V)$$

where \hat{V} is the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, V is the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, and $N(0, 2V)$ is the normal distribution with mean 0 and variance-covariance matrix $2V$.

The asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator is given by

$$\sqrt{n}(\hat{V} - V) \xrightarrow{d} N(0, 2V)$$

where \hat{V} is the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, V is the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, and $N(0, 2V)$ is the normal distribution with mean 0 and variance-covariance matrix $2V$.

The asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator is given by

$$\sqrt{n}(\hat{V} - V) \xrightarrow{d} N(0, 2V)$$

where \hat{V} is the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, V is the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, and $N(0, 2V)$ is the normal distribution with mean 0 and variance-covariance matrix $2V$.

The asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator is given by

$$\sqrt{n}(\hat{V} - V) \xrightarrow{d} N(0, 2V)$$

where \hat{V} is the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, V is the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, and $N(0, 2V)$ is the normal distribution with mean 0 and variance-covariance matrix $2V$.

The asymptotic normality of the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator is given by

$$\sqrt{n}(\hat{V} - V) \xrightarrow{d} N(0, 2V)$$

where \hat{V} is the maximum likelihood estimator of the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, V is the variance-covariance matrix of the maximum likelihood estimator, and $N(0, 2V)$ is the normal distribution with mean 0 and variance-covariance matrix $2V$.



**VACSAÍN
COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí

Arna fhoilsiú ag FSS, Lúnasa 2022
Bíonn an fhaisnéis is déanaí le fáil ar
www.hse.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland